# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

# An Ardteistiméireacht 2022

# Aistriúchán
# Ar Scéim Mharcála

# An Pholaitíocht agus an tSochaí

## Ardleibhéal

**Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe**

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.

Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Aistriúchán ar an scéim chríochnaithe atá sa cháipéis fhoilsithe seo, mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

**Scéimeanna Marcála san am atá le teacht**

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

Agus breithniú á dhéanamh ar an scéim mharcála seo, ba cheart aird a bheith ar an méid a leanas:

- Braitheann na mionsonraí a theastaíonn in aon fhreagra ar an gcomhthéacs agus ar an gcaoi a gcuirtear an cheist, agus ar an líon marcanna atá ar fáil don fhreagairt ar an scrúdpháipéar.

- Caithfear focail, nathanna cainte nó frásaí a úsáid i gceart i gcomhthéacs agus níor cheart iad a bhréagnú, agus más léir go n-úsáidtear go mícheart iad nó go mbréagnaítear iad, ní féidir na marcanna a thabhairt.

- Mar riail ghinearálta, más ann d'amhras faoina bhailí atá aon fhreagairt, ní mór do scrúdaitheoirí dul i gcomhairle lena scrúdaitheoir comhairleach sula mbronntar marcanna.

- Níl na moltaí ná na samplaí etc. a thugtar sa scéim uileghabhálach agus is féidir glacadh le freagairtí cearta malartacha bailí eile etc.

Is éard atá sa nós imeachta marcála:

- Na freagairtí go léir a léamh agus anailís a dhéanamh orthu

- Marcanna a leithdháileadh ar na comhpháirteanna de réir na scéime comhaontaithe.

## NÓTAÍ MÍNITHE A ÚSÁIDTEAR SA MHARCÁIL

✔ AG AN BPOINTE INAR CUIREADH MARCANNA I BHFEIDHM

 FAISNÉIS NEAMHBHAILÍ / CHONAIC AGUS LÉIGH AN SCRÚDAITHEOIR AN ROINN SEO

SEEN LEATHANACH FEICTHE AG AN SCRÚDAITHEOIR

# ROINN A

## Ceist 1

Tá 15 cheist ann óna gcaithfidh na hiarrthóirí 10 gcinn a fhreagairt

50 marc - 10 x 5 mharc

**(a) Sampla amháin den bhealach a n-oibríonn an córas srianta agus ceartúcháin i ndaonlathas na hÉireann** **5 mharc**

Is féidir tagairtí a dhéanamh i bhfreagraí do:

- Deighilt na gcumhachtaí
- Ról na meán cumarsáide mar fhoras faire.
- Sampla de na srianta agus na ceartúcháin i bhfeidhm.

| **Míniúchán:** | | |
|---|---|---|
| | Míniú an-mhaith | 4 - 5M |
| | Míniú maith | 2 - 3M |
| | Míniú measartha | 0 - 1M |

**(b) Dhá phointe maidir leis an gceart chun agóid shíochánta a dhéanamh mar bhealach chun a bheith páirteach sa pholaitíocht.** **3 mharc + 2 mharc**

Is féidir tagairtí a dhéanamh i bhfreagraí do:

- Airteagal 20 UDHR – saoirse cruinnite
- Agóid mar shaoirse tuairimí a nochtadh
- Athrú sóisialta agus polaitiúil
- Slándáil náisiúnta/sábháilteacht phoiblí
- Sampla ábhartha amháin

| | | | |
|---|---|---|---|
| Cur síos an-mhaith | 3M | | |
| Cur síos maith | 2M | Cur síos maith | 2M |
| Cur síos measartha | 1M | Cur síos measartha | 1M |

Nóta: Má bhronntar 2M nó níos lú ar an gcéad phointe, marcáil an dara pointe as 3M.

**(c) Míniú ar an teachtaireacht atá á léiriú sa chartún seo.** **3 mharc**

| | |
|---|---|
| Míniú an-mhaith | 3M |
| Míniú maith | 2M |
| Míniú measartha | 1M |

**Smaointeoir tábhachtach:** Paulo Freire (nó aon smaointeoir tábhachtach eile) **2 mharc**

**(d) Míniú ar chóras Choistí an Oireachtais** **5 mharc**

Is féidir tagairtí a dhéanamh i bhfreagraí do:

- Ról comhairleach
- Áirítear le baill Choiste TDanna, Seanadóirí nó iad araon.
- Ról grúpaí sochaí sibhialta.
- Cuimsíonn an míniú sampla chomh maith le cur síos e.g. PAC.

| | |
|---|---|
| Míniú an-mhaith | 4 - 5M |
| Míniú maith | 2 - 3M |
| Míniú measartha | 0 - 1M |

**(e) Grinn-léirmheas ar an úsáid a bhaintear as cartúin mar uirlis sa chaint pholaitiúil.** **5 mharc**

| | |
|---|---|
| Grinn-léirmheas an-mhaith | 4 - 5M |
| Grinnmheas maith | 2 - 3M |
| Grinnmheas réasúnta | 0 - 1M |

**(f) Teachtaireacht le haghaidh an Rialtais ón bhfreagra maidir le cánacha níos airde ar fhuinneamh agus bhreosla.** **5 mharc**

Is féidir tagairtí a dhéanamh i bhfreagraí do:

- Cur in aghaidh cánacha a íoc ag an bpobal mar bheart gníomhaithe ar son na haeráide
- Is cosúil nach n-aistrítear imní faoin athrú aeráide go fonn íoc as é a chomhrac
- Sampla ábhartha agus míniú e.g. cur in aghaidh na Cánach Carbóin.

| | |
|---|---|
| Míniú an-mhaith | 4 - 5M |
| Míniú maith | 2 - 3M |
| Míniú measartha | 0 - 1M |

**(g) Ainm (2M) agus cur síos (3M) ar shamhail de rannpháirtíocht óige <u>lasmuigh</u> de thimpeallacht na scoile.** **5 mharc**

Áirítear iad seo le freagraí féideartha:

- Dréimire Hart
- Conairí chuig Rannpháirtíocht ag Shier
- Samhail Rannpháirtíochta Lundy

<u>Ní mór</u> go réiteodh an cur síos leis an tsamhail atá ainmnithe:

| | |
|---|---|
| Cur síos an-mhaith | 3M |
| Cur síos maith | 2M |
| Cur síos measartha | 1M |

**Nóta:** 2M – meicníocht um rannpháirtíocht óige lasmuigh de thimpeallacht na scoile.

**(h) Déan grinn-léirmheas ar an tairbhe a bhaineann le pobalbhreitheanna.** **5 mharc**

| | |
|---|---|
| Grinn-léirmheas an-mhaith | 4 - 5M |
| Grinnmheas maith | 2 - 3M |
| Grinnmheas réasúnta | 0 - 1M |

---

**(i) Míniú ar thábhacht na ceannlíne seo faoi géarchéim na haeráide.**

**5 mharc**

| | |
|---|---|
| Míniú an-mhaith | 4 - 5M |
| Míniú maith | 2 - 3M |
| Míniú measartha | 0 - 1M |

---

**(j) Feidhm Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh.** **5 mharc**

Is féidir tagairtí a dhéanamh i bhfreagraí do:

- Déanann léirmhíniú ar dhlí AE chun a chinntiú go gcuirtear i bhfeidhm ar an mbealach céanna é i ngach tír AE.
- Socraíonn díospóidí dlí idir rialtais náisiúnta agus institiúidí AE.
- Féadfaidh daoine aonair, cuideachtaí nó eagraíochtaí úsáid a bhaint aisti chun cás a thabhairt in aghaidh institiúid AE, má mheasann siad go bhfuil a gcuid ceart sáraithe aici ar bhealach éigin.
- Cur síos ar shampla ábhartha.

| | |
|---|---|
| Míniú an-mhaith | 4 - 5M |
| Míniú maith | 2 - 3M |
| Míniú measartha | 0 - 1M |

---

**(k) Measúnú criticiúil ar an íomhá seo i gcomhthéacs an tionchair dhomhanda atá ag eagraíochtaí fornáisiúnta.** **5 mharc**

Áirítear iad seo le freagraí féideartha:

- Cuirtear cearta sibhialta i mbaol
- Laghdaítear ceannas náisiúnstát
- Níos mó maorlathais, níos lú daonlathais.

| | |
|---|---|
| Míniú an-mhaith | 4 - 5M |
| Míniú maith | 2 - 3M |
| Míniú measartha | 0 - 1M |

---

**(l) Modh roghnaithe chun CTRanna a cheapadh go róil aire.** **5 mharc**

Is féidir tagairtí a dhéanamh i bhfreagraí do:

- Córas 'D'Hondt'
- Ceapadh an Chéad-Aire agus an LeasChéad-Aire.
- Socrú speisialta chun an tAire Dlí agus Cirt a cheapadh.

| | |
|---|---|
| Cur síos an-mhaith | 4 - 5M |
| Cur síos maith | 2 - 3M |
| Cur síos measartha | 0 - 1M |

**(m) Measúnú criticiúil ar an íomhá i gcomhthéacs na cumhachta agus an tionchair atá ag na meáin shóisialta, agus an chumhacht agus an tionchar sin ag fás.** **5 mharc**

| | |
|---|---|
| Measúnú an-mhaith | 4 - 5M |
| Measúnú maith | 2 - 3M |
| Measúnú réasúnta | 0 - 1M |

**(n) An cuspóir atá le páirtí polaitíochta** **5 mharc**

Áirítear iad seo le freagraí féideartha:

- Tógann sé le chéile daoine ag a bhfuil na smaointe polaitiúla céanna.
- Iarrthóirí a ainmniú um oifig phoiblí agus an oiread acu is féidir a fháil tofa
- Nuair a bhíonn siad tofa, déanann na hoifigigh sin iarracht spriocanna a bpáirtí a bhaint amach trí thionscnaimh reachtaíochta agus cláir.

| | |
|---|---|
| Measúnú an-mhaith | 4 - 5M |
| Measúnú maith | 2 - 3M |
| Measúnú réasúnta | 0 - 1M |

**(o) Tír neamhdhaonlathach amháin (2M) agus míniú ar conas a dhéantar í a rialú (3M)** **5 mharc**

Ainm tíre neamhdhaonlathaí amháin 2M

<u>Ní mór</u> go réiteodh an míniú leis an tír atá ainmnithe

| | |
|---|---|
| Cur síos an-mhaith | 3M |
| Cur síos maith | 2M |
| Cur síos measartha | 1M |

# ROINN B

## Ceist 2 – 150 marc

**(a) Déan trácht ar an sainmhíniú ar eachtra chiníoch ar ghlac INAR leis i nDoiciméad B.**
**10 marc**

| | |
|---|---|
| Trácht an-mhaith | 8 - 10M |
| Trácht maith | 4 - 7M |
| Trácht réasúnta | 0 - 3M |

**(b) Buntáistí na meicníochta féintuairiscithe i nDoiciméad B.** **10 marc**

Is féidir tagairtí a dhéanamh i bhfreagraí do:

- Bealach náisiúnta, rúnda agus sothuigthe le ciníochas a thuairisciú ó aon fhearas ar líne
- Cuireann sé ar chumas daoine a dtarlaíonn ciníochas dóibh nó a fheiceann ciníochas ar siúl nó iad siúd atá ag tacú leo, rud éigin a dhéanamh maidir leis
- Úsáidtear é chun monatóireacht a dhéanamh ar an gciníochas in Éirinn trí fhianaise agus shonraí a chur ar fáil faoin gciníochas in Éirinn.

| | |
|---|---|
| Cur síos an-mhaith | 8 - 10M |
| Cur síos maith | 4 - 7M |
| Cur síos measartha | 0 - 3M |

**(c) Grinn-léirmheas ar úsáid cás-staidéar mar mhodheolaíocht taighde faoi mar a úsáidtear iad i nDoiciméad A.** **2 x 10 marc**

Is féidir tagairtí a dhéanamh i bhfreagraí do:

- Eolas coincréiteach, comhthéacsúil faoi ábhar sonrach ón saol réadúil
- Ceadaíonn sé iniúchadh a dhéanamh ar théithe, bhríonna agus impleachtaí lárnacha sa saincheiste
- Léargas nach féidir teacht air ar bhealach ar bith eile
- Is féidir leis cur le taighde nua ar leibhéal ard
- Is féidir leis cabhrú le gné dhaonna a chur le staitisticí.
- Ní féidir é a aithris nó neartú leis.
- Eispéiris suibiachtúla daonna, d’fhéadfadh go mbeadh botúin chuimhne nó bhreithiúnais i gceist
- Níl na sonraí ná na torthaí bailí ach le haghaidh na ndaoine aonair atá i gceist
- Is teoranta ginearálú na dtorthaí.

**Gné dhearfach amháin** **(10 marc)**

| | |
|---|---|
| Grinn-léirmheas an-mhaith | 8 - 10M |
| Grinnmheas maith | 4 - 7M |
| Grinnmheas réasúnta | 0 - 3M |

**Gné dhiúltach amháin** **(10 marc)**

| | |
|---|---|
| Grinn-léirmheas an-mhaith | 8 - 10M |
| Grinnmheas maith | 4 - 7M |
| Grinnmheas réasúnta | 0 - 3M |

**(d) Measúnú ar thábhacht na sonraí do lucht déanta polasaí agus cinnidh.**

**20 marc**

Áirítear iad seo le freagraí féideartha:

- Ceadaíonn siad do lucht déanta polasaí agus cinnidh polasaithe a fhorbairt chun dul i ngleic le saincheisteanna sonracha
- Acmhainní agus tacaí a aithint
- Cabhraíonn leis an bplé a dhíriú ar réitigh a aimsiú
- Cuimsíonn an míniú sampla iarbhír chomh maith le cur síos.

| | | |
|---|---|---|
| Freagra an-mhaith | **16 - 20M** | measúnú soiléir, cruinn, géarchúiseach |
| Freagra maith | **11 - 15M** | ábhartha ach léargas ar iarraidh |
| Freagra réasúnta | **6 - 10M** | teoranta, easpa soiléire |
| Freagra lag | **0 - 5M** | conclúid fhrithráiteach nó trína chéile. |

**(e) Déan trácht ar an easpa feasachta ar an gciníochas agus ar mhífhaisnéis ina thaobh a bheith nó gan a bheith mar chúis leis an gciníochas éighníomhach/réchúiseach.**

**20 marc**

| | | |
|---|---|---|
| An-mhaith | **16 - 20M** | trácht neamhspleách, géarchúiseach |
| Maith | **11 - 15M** | trácht ábhartha ach léargas ar iarraidh |
| Réasúnta | **6 - 10M** | teoranta, easpa soiléire |
| Lag | **0 - 5M** | frithráiteach nó trína chéile. |

**(f) Conclúidí faoi thionchair an chiníochais ar íospartaigh.** **20 marc**

Is féidir tagairtí a dhéanamh i bhfreagraí do:

- Bíonn tionchar síceolaíoch ag an gciníochas.
- Bíonn féiniúlacht i gceist
- Is féidir leis an gciníochas bheith ina chúis le leithlisiú sóisialta
- Impleachtaí airgeadais má fhágann íospartaigh a bpoist nó má bhogann siad chun éalú ón mí-úsáid chiníoch
- Déanann íospartaigh a steiréitíopáil leis an gciníochas
- Is féidir leis cur le troid agus/nó deighilt chultúrtha sa tsochaí.

| | | |
|---|---|---|
| Freagra an-mhaith | **16 - 20M** | conclúidí neamhspleách, géarchúiseacha |
| Freagra maith | **11 - 15M** | conclúidí ábhartha ach léargas ar iarraidh |
| Freagra réasúnta | **6 - 10M** | teoranta, easpa soiléire |
| Freagra lag | **0 - 5M** | frithráiteach nó trína chéile. |

**(g) Conclúidí faoi nádúr forbartha na féiniúlachtaí Éireannaí** **50 marc**

**Conclúidí** **(30 marc)**

| | | |
|---|---|---|
| An-mhaith | **24 - 30M** | spriocdhírithe, géarchúiseach |
| Maith | **17 - 23M** | comhtháite, ábhartha |
| Réasúnta | **9 - 16M** | teoranta, lochtach |
| Lag | **0 - 8M** | trína chéile, míchruinn |

**Úsáid doiciméad** **(20 marc)**

| | | |
|---|---|---|
| An-mhaith | **16 - 20M** | úsáid chuimsitheach doiciméad |
| Maith | **11 - 15M** | úsáid bhunúsach doiciméad |
| Réasúnta | **6 - 10M** | úsáid theoranta doiciméad |
| Lag | **0 - 5M** | úsáidtear doiciméad ar bhealach doiléir nó míchruinn |

## Roinn C

**An aiste dhioscúrsach a mharcáil:**

**1.** Léigh an aiste iomlán gan marcanna ar bith a thabhairt.

**2.** Marcáil an aiste ag baint úsáid as na critéir mharcála agus faigh suim iomlán na marcanna.

**3.** Athbhreithnigh an marc iomlán ag baint úsáid as tuairisceoirí na mbandaí gráid.

**4.** Chun an marc iomlán a thabhairt i gcrích déan athbhreithniú arís ag baint úsáid as na critéir.

## CRITÉIR MHARCÁLA

| | Sármhaith | An-mhaith | Go Maith | Measartha | Lag |
|---|---|---|---|---|---|
| **Réamhrá (A)** | Déantar an cheist a phlé go díreach, soiléirítear agus cuirtear i gcomhthéacs í. | Déantar an cheist a phlé go díreach agus cuirtear i gcomhthéacs í. | Déantar an cheist a phlé go réasúnta agus cuirtear i gcomhthéacs go teoranta í. | Déantar plé doiléir ar an gceist agus ní chuirtear i gcomhthéacs í. | Tá tuiscint dhoiléir ar an gceist nó baintear míbhrí go hiomlán aisti. |
| **10 marc** | **9 - 10** | **7 - 8** | **5 - 6** | **3 - 4** | **0 - 2** |
| **Eolas (K)** | Tuiscint shoiléir agus chriticiúil. Tá eolas fairsing ar an gceist. | Aiste loighciúil an-mhaith bunaithe ar eolas agus tuiscint chuimsitheach ar an gceist. Níl aon easnaimh ná earráidí suntasacha. | Aiste réasúnta bunaithe ar eolas bunúsach ach tuiscint theoranta ar an gceist. Tá easnaimh agus earráidí beaga inti. | Aiste trína chéile bunaithe ar thuiscint dhoiléir ar an gceist. Tá easnaimh agus earráidí móra inti. | Aiste lag ar beag eolas a léirítear inti ar an gceist nó ní léirítear aon eolas ar an gceist. D'fhéadfadh an t-eolas a bheith mícheart nó bréagnaíonn sé é féin. |
| **20 marc** | **18 - 20** | **14 - 17** | **10 - 13** | **5 - 9** | **0 - 4** |
| **Fianaise (E)** | Sainaithnítear agus fiosraítear go héifeachtach raon leathan foinsí fianaise atá ábhartha, údarásach agus inchreidte. | Sainaithnítear agus fiosraítear raon dóthanach fianaise ábhartha, údarásach agus inchreidte. | Sainaithnítear agus fiosraítear raon teoranta fianaise ina mbítear ag brath an iomarca ar shonraí nár cruthaíodh. | Tá an fhianaise a chuirtear i láthair simplí nó trína chéile. Níl an fhianaise ach ábhartha ar éigin don ábhar. | Is beag fianaise nó níl aon fhianaise curtha i láthair / níl an fhianaise ábhartha don cheist. |
| **20 marc** | **18 - 20** | **14 - 17** | **10 - 13** | **5 - 9** | **0 - 4** |
| **Anailís & Sintéis** | Argóint den scoth bunaithe ar anailís chriticiúil agus léirsteanach den fhianaise. | Argóint an-mhaith bunaithe ar anailís chriticiúil agus léirsteanach den fhianaise. | Argóint mhaith bunaithe ar anailís bhunúsach den fhianaise. | Locht ar an argóint le fianaise theoranta ar anailís / anailís shaorga le dearmaid shuntasacha. | An argóint déanta go dona, casta nó gan chiall. Droch-anailís tugtha. |
| **15 mharc** | **13 - 15** | **10 - 12** | **7 - 9** | **4 - 6** | **0 - 3** |
| **Measúnú (V)** | Comhtháthaítear peirspictíochtaí comparáideacha / malartacha go cuimsitheach. Tagtar ar chonclúidí léargasacha, neamhspleácha agus cosnaíonn an seasamh pearsanta go muiníneach. | Comhtháthú an-mhaith ar pheirspictíochtaí comparáideacha /malartacha maidir leis an argóint. Tagtar ar chonclúidí neamhspleácha an-mhaith agus cosnaíonn an seasamh pearsanta go soiléir. | Comhtháthú maith ar thuairimí comparáideacha / malartacha maidir leis an argóint. Tagtar ar chonclúidí neamhspleácha agus cosnaíonn an seasamh pearsanta | Peirspictíochtaí agus tuairimí comparáideacha / malartacha teoranta. Conclúidí agus cosaint neamhspleách theoranta ar an seasamh pearsanta | Gan aon peirspictíochtaí nó tuairimí comparáideacha. Gan aon chonclúidí neamhspleácha nó cosaint ar an seasamh pearsanta |
| **15 mharc** | **13 - 15** | **10 - 12** | **7 - 9** | **4 - 6** | **0 - 3** |
| **Comhtháthú (C)** | Eagrú agus bainistíocht den scoth ar thuairimí. Fócas agus soiléire den scoth ar feadh an ama. Struchtúr den scoth. | Eagrú agus bainistíocht an-mhaith ar thuairimí. Fócas agus soiléire an-mhaith ar feadh an ama. Struchtúr an-mhaith. | Eagrú agus bainistíocht bhunúsach ar smaointe. Struchtúr réasúnta | Eagrú agus bainistíocht theoranta agus chasta ar smaointe Struchtúr lag. | Struchtúr, eagrú, leanúnachas, fócas, comhthéacs agus soiléire in easnamh san aiste. |
| **20 marc** | **18 - 20** | **14 - 17** | **10 - 13** | **5 - 9** | **0 - 4** |

# BANDAÍ GRÁD NA HAISTE

| H1<br>90 - 100 Marc | H2<br>80 - 89 Marc | H3<br>70 - 79 Marc | H4<br>60 - 69 Marc | H5<br>50 - 59 Marc | H6<br>40 - 49 Marc | H7<br>30 - 39 Marc | H8<br>0 - 29 Marc |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Tá an freagra leanúnach; leagtha amach go maith agus tá tacaíocht aige ó fhianaise ábhartha, chruinn agus éagsúil agus úsáidtear fianaise chomparáideach.<br><br>Is léir go bhfuil tuiscint chríochnúil ar riachtanais an taisc murab ionann le tuiscint agus smaointeoireacht neamhspleách.<br><br>Táthar ag gabháil don ábhar go grinn agus déantar cosaint chuimsitheach ar bhreithiúnais agus ar chonclúidí.<br><br>Taispeántar eolas mionsonraithe san fhreagra seo bunaithe ar smaointeoireacht chriticiúil, léargas grinn, fócas géar, argóint curtha i gcrích agus tá tacaíocht aici ó raon fianaise agus foinsí. | Dírítear go soiléir agus go leanúnach sa fhreagra ar an gceist a cuireadh.<br><br>Tá na hargóintí leagtha amach agus aontaithe go han-mhaith agus tá tacaíocht acu ó fhianaise ábhartha, chruinn agus éagsúil.<br><br>Tá na pointí eagraithe go han-mhaith agus cuirtear argóint leanúnach an-mhaith i láthair ag úsáid tuairimí comparáideacha.<br><br>Téitear i ngleic go han-mhaith agus go géarchúiseach leis an ábhar.<br><br>Tá cosaint an-réasúnta déanta ar na breithiúnais agus na conclúidí neamhspleáchas a thugtar. | Dírítear go soiléir san fhreagra ar an gceist a cuireadh.<br><br>Tá tuiscint mhaith ar éilimh na ceiste.<br><br>Is gnách do na pointí tacaíocht a bheith acu ó fhianaise chruinn agus ábhartha.<br><br>Tá na pointí eagraithe go maith agus cuirtear argóint leanúnach i láthair.<br><br>Tá fianaise ar dhul i ngleic go géarchúiseach leis an ábhar agus déantar cosaint réasúnta ar na breithiúnais agus na conclúidí a thugtar. | Taispeántar tuiscint bhunúsach ar an gceist san fhreagra.<br><br>Tugtar aghaidh go réasúnta ar an gceist a cuireadh san fhreagra.<br><br>Tá eolas bunúsach ar an gceist.<br><br>Beidh na pointí a dhéanfar ábhartha agus beidh tacaíocht acu ó roinnt tagairtí agus léaráidí bailí.<br><br>D’fhéadfadh sé go mbraithfí áfach, go bhfuil roinnt pointí scoite amach astu féin agus nach bhfuil siad comhtháthaithe go hiomlán isteach in argóint aontaithe.<br><br>Déanfar cosaint theoranta ar roinnt breithiúnas agus conclúidí neamhspleácha a thabharfar. | Taispeántar san fhreagra go bhfuil tuiscint réasúnta maith ar an gceist.<br><br>Tá teorainn leis an eolas atá ar an gceist agus déantar pointí beaga sna freagraí agus úsáidtear fianaise theoranta atá bailí agus iomchuí.<br><br>Tá na pointí a dhéantar teoranta agus ní dhéantar argóint láidir, aontaithe den fhianaise.<br><br>Ní théitear i ngleic ach go teoranta leis an ábhar agus dá bharr sin tá conclúid neamhspleách leanúnach in easnamh sna freagraí. | Taispeántar san fhreagra nach bhfuil ach leath-thuiscint ar an gceist.<br>Níl aon fócas soiléir san fhreagra agus beidh sé de nós aige dul ar seachrán ón bpointe nó ó phointe go pointe.<br>Bíonn achoimre agus athrá in ionad plé go minic.<br>Tá an t-eolas atá ar an gceist an-teoranta agus is beag fianaise atá ann chun tacú leis an pointí atá á ndéanamh.<br>Ní théitear i ngleic leis an ábhar ach ar bhealach an-teoranta nó ní théitear i ngleic leis in aon chor.<br>Tá na breithiúnais agus na conclúidí a thugtar doiléir nó pearsanta gan ach cosaint an-teoranta déanta orthu.<br>D’fhéadfadh gá a bheith leis an bhfreagra a athléamh chun teacht ar an mbrí. | Taispeántar san fhreagra nach raibh ach leath-thuiscint ar an gceist agus go bhfuil an freagra dírithe go dona.<br><br>Féadfar cúpla pointe bailí a lua ach níl siad nasctha d’aon turas chun argóint a dhéanamh agus níl aon fhianaise ann a thacódh le haon cheann de na pointí a dhéantar.<br><br>Níl aon fhianaise go dtéitear i ngleic go géarchúiseach leis an ábhar.<br><br>Níor tháinig an t-iarrthóir ar bhreithiúnas, ar chonclúidí neamhspleácha dá chuid féin ná ní dhearna sé cosaint ar a thuairim nó ar a sheasamh féin. | Taispeántar san fhreagra nach dtuigfear an cheist ach ar éigin nó nach dtuigfear in aon chor í.<br><br>Freagra fíor-lag nach dtugann ach píosaí beaga eolais anonn is anall gan ach fíorbheagán pointí ábhartha nó gan aon phointí ábhartha ann.<br><br>Ní thugtar aon argóintí ábhartha nó aon fhianaise chun tacú le haon éilimh a rinneadh.<br><br>Tá an freagra an-lag agus níl aon fócas ann agus tá mearbhall ar an léitheoir.<br><br>D’fhéadfadh roinnt pointí a bheith go hiomlán míchruinn nó níl siad ábhartha don cheist. |

**Tabhair faoi deara: Bí cúramach gan pionós a ghearradh ar phíosa gonta cliste, nó luach saothair a thabhairt do phíosa fada nach bhfuil call leis.**

# TUAIRISC AR THIONSCADAL SAORÁNACHTA

**Réasúnaíocht agus taighde**

- Mínigh an réasúnaíocht a bhain leis an ngníomh a roghnaigh tú a dhéanamh.
- Tabhair cuntas soiléir ar aidhmeanna an tionscadail saoránachta, na bealaí a roghnaíodh chun na haidhmeanna sin a bhaint amach agus an plean gníomhaíochta atá agat. I gcás tionscadail grúpa, sainaithin aidhmeanna an ghrúpa i gcomhair an tionscadail agus na haidhmeanna a bhí agat féin chun do ról a chomhlíonadh.
- Tabhair achoimre ar an taighde a rinneadh lena n-áirítear príomhthorthaí taighde (sonraí) a bhí mar bhonn eolais ag an ngníomh.  Tabhair trácht ar na foinsí eolais a úsáideadh chun treoir a thabhairt don ghníomh cosúil le hábhar gréasánbhunaithe, litríocht, agallaimh, agus foinsí eile.
- Déan cinnte go gcuirfidh tú isteach tagairtí iomlána sa rannán *Tagairtí agus Leabharliosta* ag deireadh na tuarascála.

**An tionscadal saoránachta a chur i gcrích**

- Tabhair achoimre ar na gníomhaíochtaí ar tugadh fúthu chun an tionscadal a chur i gcrích.  I gcás tionscadail grúpa, déan idirdhealú soiléir idir gníomhaíochtaí grúpa agus do ghníomhaíochtaí féin ach “muid” nó “mé” a úsáid de réir mar is cuí.
- Déan anailís ghéar ar na gnéithe éagsúla den phlean gníomhaíochta, lena n-áirítear mar is cuí aon dúshláin ar ar thángthas agus an chaoi ar láimhseáladh na dúshláin sin.
- Déan cur síos ar thorthaí an tionscadail.

**Smaointe maidir leis an eolas a fuarthas agus na scileanna a forbraíodh**

- Smaoinigh go géar ar na léargais phearsanta agus ar an eolas a fuair tú faoin gceist seo ó thug tú faoin tionscadal.
- Sainaithin agus déan cur síos ar na scileanna a d’fhorbair tú trí do chuid oibre ar an tionscadal seo agus déan tagairt ar leith don obair a rinne tú le daoine eile agus an chaoi ar éirigh leat a bheith éifeachtach go pearsanta.
- Tabhair míniú gairid ar an ról a bhí ag machnamh, ag aiseolas ó dhaoine eile, agus ag foghlaim ón gcúrsa chun cuidiú leat an tionscadal a chur i gcrích.

## TIONSCADAL SAORÁNACHTA – ROINN A

**Réasúnaíocht agus Taighde** **35 marc**

**An réasúnaíocht a mhíniú**

| | | |
|---|---|---|
| Thar barr | 6 - 7M | |
| An-mhaith | 4 - 5M | (**7 marc)** |
| Go maith | 2 - 3M | |
| Réasúnta | 0 - 1M | |

**Aidhmeanna an tionscadail le plean gníomhaíochta ina leagtar síos na bealaí a roghnaíodh chun na haidhmeanna sin a bhaint amach**

| | | |
|---|---|---|
| Thar barr | 10 - 12M | |
| An-mhaith | 7 - 9M | (**12 mharc)** |
| Go maith | 4 - 6M | |
| Réasúnta | 0 - 3M | |

**Achoimre ar na torthaí agus na foinsí**

| | | |
|---|---|---|
| Thar barr | 10 - 12M | |
| An-mhaith | 7 - 9M | (**12 mharc)** |
| Go maith | 4 - 6M | |
| Réasúnta | 0 - 3M | |

**Tagairtí agus Leabharliosta -** Seiceáil cúl an leabhráin (**4 mharc)**

## TIONSCADAL SAORÁNACHTA - ROINN B

**An tionscadal saoránachta a chur i gcrích** **45 marc**

**Achoimre ar na gníomhaíochtaí ar tugadh fúthu (Muid / mé)**

| | | |
|---|---|---|
| Thar barr | 12 - 15M | |
| An-mhaith | 8 - 11M | (**15 mharc)** |
| Go maith | 4 - 7M | |
| Réasúnta | 0 - 3M | |

**Anailís chriticiúil ar an bplean gníomhaíochta**

| | | |
|---|---|---|
| Thar barr | 12 - 15M | |
| An-mhaith | 8 - 11M | (**15 mharc)** |
| Go maith | 4 - 7M | |
| Réasúnta | 0 - 3M | |

**Torthaí**

| | | |
|---|---|---|
| Thar barr | 12 - 15M | |
| An-mhaith | 8 - 11M | (**15 mharc)** |
| Go maith | 4 - 7M | |
| Réasúnta | 0 - 3M | |

# TIONSCADAL SAORÁNACHTA – ROINN C

**Smaointe maidir leis an eolas a fuarthas agus na scileanna a forbraíodh** **20 marc**

**Eolas agus léargais maidir leis an gceist**

| | | |
|---|---|---|
| An-mhaith | 5 - 6M | |
| Go maith | 3 - 4M | (**6 mharc)** |
| Réasúnta | 0 - 2M | |

**Scileanna**

| | | |
|---|---|---|
| An-mhaith | 5 - 6M | |
| Go maith | 3 - 4M | (**6 mharc)** |
| Réasúnta | 0 - 2M | |

**Machnamh**

| | | |
|---|---|---|
| An-mhaith | 4M | |
| Go maith | 3M | (**4 mharc)** |
| Réasúnta | 0 - 2M | |

**Aiseolas agus foghlaim**

| | | |
|---|---|---|
| An-mhaith | 4M | |
| Go maith | 3M | (**4 mharc)** |
| Réasúnta | 0 - 2M | |